# TEICNEOLAÍOCHT FHEIDHMEACH

JCt4 Nuachtlitir

## An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun spreagadh, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á athrú ó bhonn.

## FGL 2021/2022

Tá foireann na Teicneolaíochta Feidhmí sna céimeanna tosaigh chun ceardlann FGL 2021/2022 a dhearadh agus éascófar é sa scoilbhliain seo chugainn. Is i ndiaidh cheardlann FGL na bliana seo a bhain an fhoireann príomhthéamaí as an aiseolas a thug múinteoirí. Tá foireann na Teicneolaíochta Feidhmí ag súil le cabhair bhreise a thabhairt duit agus tú ag cur na sonraíochta i bhfeidhm i do sheomra ranga

## Coinnigh i dteagmháil

Is iad trí bhealach chun coinneáil suas chun dáta le foireann Teicneolaíocht Fheidhmeach JCt4:

**Tabhair cuairt ar ár leathanach gréasáin:**

www.jct.ie/technologies

**Lean muid ar twitter**

@JCt4ed

**Bí ar ár liosta seoltaí**

Mailing List

## Fáilte

Fáilte chuig an ochtú eagrán de Nuachtlitir Theicneolaíocht Fheidhmeach JCt4. Agus muid ag druidim le deireadh na scoilbhliana, tá taithí againn ar ghnáthshaol nua agus tá súil againn ar fháil na nuachtlitreach seo go bhfuil tú féin agus do theaghlach slán sábháilte. Tá an fhoireann ag ullmhú faoi láthair agus ag dearadh an lae FGL 2021/2022 againn agus táimid ag tnúth le bualadh leat sa scoilbhliain seo chugainn. Idir an dá linn, tá réimse tacaí ar fáil sa rannán Teicneolaíochtaí dár suíomh gréasáin www.jct.ie

## Ceardlann FGL 2020/2021

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis múinteoirí na Teicneolaíochta Feidhmí go léir a thug faoinár gceardlanna FGL ar líne. Bhuail muid le 324 múinteoir ó gach cearn den tír le linn ár gceardlann FGL ar líne.



Tá an t-ábhar tacaíochta ar fad a úsáideadh ar an lá ar fáil faoi Tacaí FGL Theicneolaíocht Fheidhmeach – Ceardlann FGL 2020/2021

## Tacaí Teagaisc agus Foghlama don Seomra Ranga

Faoin gcluaisín Acmhainní don Teicneolaíocht Fheidhmeach, tá réimse leathan gníomhaíochtaí againn a thugann breac-chuntas ar eispéiris fhéideartha foghlaimeoirí a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach chun príomhfhoghlaim a ghníomhachtú ar fud na snáitheanna agus na ngnéithe de shonraíocht Theicneolaíocht Fheidhmeach do scoláirí. Leag muid béim ar thrí cinn de na tacaí atá ar fáil ar an láithreán gréasáin againn thíos:

Is áis é Mo Phleanálaí Tionscadail chun cabhrú le scoláirí scileanna bainistíochta a fhorbairt agus iad ag plé le tionscadal / tasc sa Teicneolaíocht Fheidhmeach. Cabhraíonn an acmhainn seo le scoláirí de réir mar a fhorbraíonn siad scileanna maidir le ham, ábhair / comhpháirteanna agus costáil a bhainistiú.

Straitéis Idéú – SCAMPER *(Ú: Úsáid ina áit, C: Comhcheangail, O: Oiriúnaigh, M: Modhnaigh, A: Athúsáid, C: Cealaigh; agus A: Aisiompaigh).* Spreagann an straitéis seo an scoláire chun réimse smaointe dearadh coincheapa a fhiosrú go tapa agus gan srianta.

## Seachtain Teicneolaíochta 2021 – Cártaí Gníomhaíochtaí Digiteacha

Is gníomhaíochtaí iad cártaí gníomhaíochtaí digiteacha Sheachtain Teicneolaíochta 2021, nasc ar fáil **anseo**, a cheap foireann JCt4. Tá téama leathan na teicneolaíochta sa tsochaí ag baint leis na cártaí, agus béim ar róbataic, nuálaíocht ábhartha, saincheisteanna comhshaoil, ról an dearthóra, todhchaí na taiscéalaíochta spáis agus dul chun cinn na hIntleachta Saorga ar an domhan.




Cuimsíonn gach cárta gníomhaíochtaí digiteacha naisc chuig láithreáin ghréasáin, físeáin YouTube, agus ailt ar féidir le scoláirí plé leo i seomra ranga Theicneolaíocht Fheidhmeach agus tá leidcheisteanna tugtha againn do scoláirí agus do mhúinteoirí. Tá leidcheisteanna i ngach cárta freisin chun plé agus smaointeoireacht chriticiúil a spreagadh i measc na scoláirí..

## Sraith de ghearrscannáin Paisean don Dearadh agus don Déanamh.




Tá sraith físeán curtha le chéile ag an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí i gcomhpháirtíocht le Comhairle Dhearaidh & Cheardaíochta na hÉireann ina léirítear 'Paisean don Dearadh agus don Déanamh.' Feictear sa scannán thuas **an dearthóir táirgí Cormac Ó Conaire.** Chomh maith leis an scannán seo tá **treoir do mhúinteoirí** forbartha ag Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach ina bhfuil ceisteanna agus gníomhaíochtaí is féidir a chur in oiriúint chun scoláirí a mhealladh agus iad ag féachaint ar an ngearrscannán seo.

Tugann an straitéis deis do scoláirí smaoineamh dearaidh tosaigh nó acra coitianta a ghlacadh agus é a oibriú trí shraith de sheacht leidcheist chun réimse smaointe nó coincheapa dearaidh malartacha a tháirgeadh.

**Scileanna taighde agus cumarsáide a fhorbairt ag úsáid ciorcaid leictreacha.** Spreagann an straitéis seo an scoláire chun scileanna taighde agus cumarsáide a fhorbairt i gcomhthéacs ciorcaid leictreacha. Spreagann sé an scoláire chun modhanna taighde príomhúil agus tánaisteach araon a fhiosrú agus foghlaim agus tuiscint a chur in iúl trí mheáin éagsúla a úsáid.

## *Seimineár Gréasáin - Timpeallachtaí Foghlama sa Teicneolaíocht Fheidhmeach a Fhiosrú*





D'óstáil foireann na Teicneolaíochta Feidhmí seimineár gréasáin dar teideal *Timpeallachtaí Foghlama sa Teicneolaíocht Fheidhmeach a Fhiosrú*. Le linn an tseimineáir ghréasáin seo, phléigh beirt mhúinteoirí an chaoi ar chruthaigh agus ar úsáid siad a dtimpeallachtaí foghlama chun cabhrú leis an bhfoghlaim ina gcomhthéacs féin scoile. Tá teacht ar thaifeadadh den seimineár gréasáin seo ar shuíomh gréasáin www.jct.ie faoi chluaisín na seimineár gréasáin don **Teicneolaíocht Fheidhmeach.**

## Sa nuacht

Sa chuid seo den nuachtlitir breathnóimid ar scéalta reatha nuachta a d'fhéadfadh a bheith ábhartha i seomra ranga na Teicneolaíochta Feidhmí.



Bhí an dearthóir Éireannach, Fiona O'Leary, sa nuacht i ndiaidh di breithmheas a dhéanamh ar an ardán le linn Ócáid Apple ar líne. Is céimí í ó Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha Bhaile Átha Cliath í Fiona a oibríonn mar dhearthóir do Apple ag a gceanncheathrú in Cupertino, California. Faigh tuilleadh eolais faoi chonair ghairme Fiona agus faoi chuid dá cuid dearaí táirgí féin ar a láithreán gréasáin **fionaoleary.ie**

Ag díriú ar dhearadh agus ar fhorbairt obair Fiona O'Leary mar acmhainn nó mar spreagadh, d'fhéadfadh scoláirí tabhairt faoin bhfoghlaim fhéideartha laistigh de thorthaí foghlama: 1.5, 1.6, 1.7, 3.3, 3.4, 3.8, 3.9
Mar fhocal scoir, ba mhaith le foireann Theicneolaíocht Fheidhmeach JCt4 gach rath a ghuí oraibh don chuid eile den téarma deireanach. Táimid ag súil le cabhrú libh le linn na scoilbhliana seo chugainn agus tá súil againn go mbeidh scíth shuaimhneach agaibh thar laethanta saoire an tsamhraidh.
Le dea-mhéin
Foireann Theicneolaíochta Fheidhmeach JCt4.